'Ar imir tusa peil nuair a bhí tú óg?'
a d'fhiafraigh Gearóid dá Dhaidí lá.

An Gúm

Murach an Traenáil ar Fad

Séideán Sí



Leagan Connachtach

Anna Ní Chartúir
Martin Fagan a mhaisigh

An chéad eagrán 2006

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2006

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná ‘slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Martin Fagan

Printset and Design Teo a chlóbhuail in Éirinn

An Gúm, 24–27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

‘Tá cluiche peile le himirt agamsa tar éis na scoile,’ arsa Gearóid lena Dhaidí maidin amháin. ‘Tá súil agam go mbeidh an-chluiche agat,’ arsa Daidí.

'Ar imir tusa peil nuair a bhí tú óg, a Dhaidí?' a d'fhiafraigh Gearóid tar éis tamaill.

'D'imir,' arsa Daidí. 'Bhí mé ar fhoireann na scoile.'

Leis sin rug Daidí ar a chóta.

'Caithfidh mé a bheith ag bailiú liom,' ar seisean. 'Slán go fóill.'

Agus amach an doras leis.

'Tá cluiche peile le himirt agamsa tar éis na scoile,' arsa Gearóid lena Mhamaí agus é ag gabháil amach an doras.
'Tá súil agam go mbeidh an-chluiche agat,' arsa Mamaí.

'Cén chaoi ar éirigh libh?' arsa Mamaí nuair a tháinig Gearóid abhaile tráthnóna.

'Buaileadh muid,' arsa Gearóid. 'Bhí mé ag imirt sna tosaithe ach ní bhfuair mé an oiread is pointe amháin.'

'An raibh tusa go maith ag an bpeil nuair a bhí tú óg?' a d'fhiafraigh Gearóid dá Dhaidí an oíche sin.

'M'anam go raibh,' arsa Mamaí.

'Nach bhfeiceann tú na boinn agus na cupáin ar fad a bhuaigh sé?'

'Ba mhaith liomsa a bheith go maith ag an bpeil,' arsa Gearóid.



An Satharn ina dhiaidh sin d'imir Gearóid cluiche eile. Chuaigh Mamaí agus Daidí ag breathnú ar an gcluiche. Sna tosaithe a bhí Gearóid ag imirt arís. Ach ní raibh foireann Ghearóid thar moladh beirte agus buaileadh iad.

'Ní dhéanann siad leath a ndóthain traenála,' arsa Daidí le Mamaí.



Ní raibh Gearóid sásta ar chor ar bith.

'Ní bhfuair mé an oiread is pointe amháin,' ar seisean le Daidí.

'B'fhéidir nach ndéanann sibh bhur ndóthain traenála,' arsa Daidí.



Níos deireanaí tráthnóna bhí
Gearóid ag breathnú ar an teilifís
nuair a tháinig Daidí isteach.
'Cuir ort do chuid bróga peile,'
ar seisean le Gearóid.
'Ach taitníonn an clár seo liom,'
arsa Gearóid.
'Cén chaoi a mbeidh tú go maith
ag an bpeil mura mbíonn tú
ag traenáil?' arsa Daidí.



Nuair a bhí a chuid bróga peile ar Ghearóid shín Daidí mála chuige.

'Seo,' ar seisean. 'Cheannaigh mé bronntanas duit.'

'Céard atá ann?' arsa Gearóid.

'Oscail é,' arsa Daidí.

'Liathróid atá ann!' arsa Gearóid.

'Liathróid bhreá. Go raibh míle maith agat, a Dhaidí.'

'Tá fáilte romhat,' arsa Daidí.



Amach leis an mbeirt acu sa ngairdín ansin.

'Beidh mise i mo chúl báire,' arsa Daidí.

'M'anam gur breá an liathróid í seo,' arsa Gearóid.

Tharraing sé cic ar an liathróid agus chuir sé ...

... amach ar an mbóthar í!

'M'anam gur breá an liathróid í seo,' arsa Gearóid arís. Tharraing sé cic eile uirthi agus chuir sé ...

... isteach sna sceacha í!

'Gabh anall anseo chugam,' arsa Daidí tar éis tamaill. 'Is mar seo ba cheart í a chiceáil.'

Tharraing Daidí cic ar an liathróid agus chuir sé ...

Chaith Gearóid tamall maith ag cleachtadh na scileanna peile in éineacht lena Dhaidí. Ansin tharraing sé cic eile ar an liathróid. Suas san aer leis an liathróid – suas ... suas ... suas ... agus ...

... thar an trasnán!

'Tá tú ag déanamh go maith,' arsa Daidí leis.

Chuile thráthnóna ina dhiaidh sin chaith Gearóid tamall ag traenáil in éineacht lena Dhaidí.

Mí ina dhiaidh sin bhí cluiche eile le himirt ag Gearóid.
'Ní bheidh mise in ann a ghabháil chuig an gcluiche,' arsa Daidí leis ar maidin. 'Caithfidh mé a ghabháil go Londain agus ní bheidh mé ar ais in am.'

D'imir Gearóid an-chluiche. Fuair sé pointe amháin sa gcéad leath agus trí phointe sa dara leath.

Nuair a bhí an cluiche thart ghlaoigh Gearóid ar Dhaidí.



'Bhuaigh muid, a Dhaidí,' ar seisean. 'Agus fuair mise ceithre phointe. Is é an trua nach bhfaca tú mé.'

'Ach chonaic mé thú,' arsa Daidí. 'Tá mé anseo buailte leat.'

Rith Gearóid anonn chuig Daidí.
'Ach cheap mé go raibh tú
i Londain, a Dhaidí,' ar seisean.
'Bhí,' arsa Daidí, 'ach tháinig mé
i dtacsaí ón aerfort. Chonaic mé
an dara leath.'



'Céard a cheap tú de na pointí a fuair mé?' arsa Gearóid.

'M'anam go ndearna tú go maith,' arsa Daidí.

'Murach an traenáil ar fad ...,' arsa Gearóid.

'Sea,' arsa Daidí. 'Murach an traenáil ...'